



**Aighneacht ó Gaillimh le Gaeilge, Teach Uí Chiaruáin,
Sráid Thobar an Iarla, Gaillimh Fón: +353 (91) 568876,
eolas@gleg.ie www.gleg.ie**

Samhain 2017

[English version follows]

Cuireann Gaillimh le Gaeilge fáilte roimh an deis ár dtuairimí a thabhairt i leith na Gaeilge do
“Éire 2040 – Ár bPlean. Foilsíú an dréacht-Chreata Náisiúnta Pleanála”

Creidimid go bhfuil cumas ag an nGaeilge agus an chultúr a bhaineann léi cur le gníomhaíocht eacnamaíochta feabhsaithe agus cruthú fostaíochta faoi na ceannteidil “Fiontar & Fostaíocht” agus “Caitheamh Aimsire, Fóillíocht agus Turasóireacht” ach go háirithe.

Gaillimh le Gaeilge

Is ábhar bróid dúinn i nGaillimh le Gaeilge gur aontaigh Comhairleoirí Cathrach na Gaillimhe rún i bhfómhar na bliana 2015 le stádas dátheangach a bhronnadh ar an gcathair. Lá mór don Ghaeilge agus do Gaillimh araon nuair a d’fhógair Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn, Cathair na Gaillimhe mar an chéad chathair in Éirinn le stádas dátheangach oifigiúil, Dé Luain, 7 Márta 2016. Bhí an stádas seo ar cheann de na príomhspriocanna ag Gaillimh le Gaeilge agus muid i mbun ár gcuid oibre ag cur na Gaeilge chun cinn i gcathair na Gaillimhe.

Dearbhú atá sa stádas speisialta seo do thodhchaí na Gaeilge sa chathair agus deimhníonn sé an tábhacht eacnamaíochta agus chultúrtha atá leis an teanga. Tá tionchar leanúnach ag an nGaeltacht ar Chathair na Gaillimhe, ar a féiniúlacht chultúrtha agus theangeolaíoch. Téann suíomh na cathrach - gar don Ghaeltacht is mó sa tír – go mór chun a leasa eacnamaíochta freisin.

Ní hamháin gur fiú os cionn €136 milliún¹ in aghaidh na bliana an Ghaeilge do Chathair agus do Chontae na Gaillimhe, ach cuireann sí go mór leis an eispéireas cultúrtha a fhaigheann cuairteoirí ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin mar go gcloiseann siad an teanga agus go bhfeiceann siad muintir na Gaillimhe á húsáid mar chuid dá saol laethúil. Tá an Ghaeilge lárnach freisin i gcothú atmaisféar beo fuinniúil na Gaillimhe agus i gcáil na cathrach mar chathair chultúrtha, agus is cinnte gur chuidigh úsáid fhorleathan na Gaeilge sa chathair le Gaillimh an stádas mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa, 2020 a bhaint amach.

Cúlra Gaillimh le Gaeilge

Bunaíodh Gaillimh le Gaeilge chun a chinntiú go leanfadh an buntáiste mór geilleagrach don chathair a ghabhann leis an nGaeilge. Ó bunaíodh í, tá ag éirí le Gaillimh le Gaeilge infheictheacht na Gaeilge a ardú, agus úsáid na Gaeilge ó lá go lá a chur chun cinn sa Chathair. Tá ag éirí le scéimeanna ar nós ‘Cairde Gaillimh le Gaeilge’ agus ‘Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh’ dul i bhfeidhm ar phobal leathan ar bhealach cairdiúil oscailte.

¹ Is fiú breis agus €136m an Ghaeilge do Chathair agus do Chontae na Gaillimhe in 2009, [Buntáistí geilleagracha na Gaeilge a fheictear i gCathair na Gaillimhe agus i nGaeltacht na Gaillimhe, 2009](#): Bane Mullarkey Teo., i gcomhpháirtíocht le Jerome Casey & a Chomh. Teo. [Samhain 2009]

Cuireann muid ina luí ar ghnólachtaí na cathrach, a bhíonn ag fás agus ag méadú i gcónaí, go bhfuil ciall ag baint le húsáid na Gaeilge agus mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin, cuirtear go mór le hinfheictheacht na Gaeilge sa Chathair, agus bíonn tionchar aige seo ar dhea-thoil i leith na teanga.

Cuireann muid seirbhís aistriúcháin agus tacaíocht phraiticiúil ar fáil chun cabhrú leis an lucht gnó comharthaíocht, páipéar ceannteidil, biachláir, suíomhanna gréasáin agus srl, atá dhátheangach a sholáthar. Is ar infheictheacht na teanga a dhíríonn muid ár n-aird go príomha toisc go mbíonn tionchar mór ag timpeallacht dhátheangach fheiceálach, agus toisc gur sprioc insroichte é lenár n-acmhainní teoranta.

Táimid buíoch don Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta; príomh-mhaoinitheoirí Ghaillimhe le Gaeilge as ucht an mhaoinithe a chuireann siad ar fáil dúinn gach bliain tríd an gCrannchur Náisiúnta. Is mór an cúnadh dúinn é chun ár gcuid seirbhísí a chur ar fáil do mhuintir na Gaillimhe agus le cúnadh Dé beidh ardú ag teacht ar an maoiníú sin sna blianta amach romhainn. Tá ár mbuíochas tuillte chomh maith ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus scéim Chairde Ghaillimhe le Gaeilge i gcomhar le Cumann Tráchtála na Gaillimhe a chuireann suim fhiúntach airgid ar fáil dúinn gach bliain.

Na Gaeltachtaí (Limistéar Pleanála Teanga faoi Acht na Gaeltachta 2012) a fhorbairt mar cheantair uathúla

Creidimid, mar shampla, nár aithníodh go hiomlán cumas na Gaeilge agus an chultúir a bhaineann léi cur le gníomhaíocht eacnamaíochta feabhsaithe agus cruthú fostaíochta agus nár baineadh leas as san am atá thart mar gheall ar an nós atá ann déileáil leis an nGaeilge agus leis Gaeltachtaí faoi cheannteidil ar leith i ndoiciméid den chineál seo. Ar an taobh eile den scéal tá saincheisteanna eile maidir leis an nGaeilge agus na Gaeltachtaí ar fearr déileáil leo faoi cheannteidil ar leith.

Is fiú os cionn €136 milliún an Ghaeilge do gheilleagar Chathair agus Chontae na Gaillimhe go bliantúil, tacaíonn sí le breis agus 5,000 post agus creideann níos mó ná 90% de ghnólachtaí Chathair na Gaillimhe gur gné uathúil í d'íomhá agus d'fhéiniúlacht chultúrtha na Gaillimhe. Is iad seo príomhthorthaí staidéir a rinneadh ar bhuntáistí geilleagracha na Gaeilge a fheictear i gCathair na Gaillimhe agus i nGaeltacht na Gaillimhe.

Ón €136 milliún sin, bhí tionchar geilleagrach €41 milliún ag turasóireacht a bhaineann leis an nGaeilge i gCathair agus i gContae na Gaillimhe in 2008. Bhain €32 milliún de seo le Cathair na Gaillimhe, agus €9 milliún le Gaeltacht na Gaillimhe. Dúirt breis is 91% de ghnólachtaí chathair na Gaillimhe a ghlac páirt i suirbhé don staidéar seo go raibh an Ghaeilge 'tábhachtach' nó 'an-tábhachtach' d'fhéiniúlacht chultúrtha Chathair na Gaillimhe, gur sócmhainn turasóireachta í agus gné uathúil tharraingteach d'íomhá na Gaillimhe. Laistigh d'earnáil na turasóireachta, is cuid thábhachtach den ghníomhaíocht geilleagrach iad na Coláistí Gaeilge Samhraidh i nGaeltacht na Gaillimhe. Shaothraigh siad €14 mhilliún don cheantar in 2007.

Tugann na comharthaí seo le fios go bhfuil tionchar an-mhór ag an nGaeilge ar an eacnamaíocht. Thug tuarascálacha oifigiúla deireanacha le fios go bhfuil an acmhainn seo i mbaol. Trí thacaíocht oifigiúil ag leibhéal an Rialtais, na hÚdaráis Áitiúla agus eagraíochtaí turasóireachta cosúil le 'Fáilte Ireland', d'fhéadfadh go gcuirfí feabhas mór ar an deis an ghníomhaíocht eacnamaíochta thuasluaite a choimeád agus a neartú.

Cineálacha Tionscadail is feiliúnaí

Tá an Ghaeltacht is mó sa tír in Iarthar na hÉireann. Tá go leor deiseanna ó thaobh na turasóireachta tuaithe de ag baint leis na gceantar seo atá suite faoin tuath den chuid is mó, is féidir saoirí gníomhaíochta a cheangal le foghlaim teanga agus gníomhaíochtaí cultúrtha. Tá deis ann leas a bhaint as ár nOidhreacht Cheilteach/Ghaelach chun críocha na turasóireachta.

Cineálacha Tionscadail:

- ◆ Turasóireacht Chultúrtha
- ◆ Aonaid Taighde/Léirmhíniúcháin maidir le Teanga agus Cultúr Ceilteach/ Teanga agus Cultúr na Gaeilge
- ◆ Cúrsaí Oiliúna Oideachais i dTeanga/ ceirdeanna roghnaithe agus ceol

Leagann go leor turasóirí luach ar thaithí a bhíonn ‘difriúil’ agus ‘uathúil’. Ní féidir aithris a dhéanamh aon áit eile sa domhan ar fhairsinge na Gaeilge agus an chultúr a bhaineann léi san Iarthar agus i gceantar na Gaillimhe ach go háirithe. Creidimid go bhfuil deis mhór ann fostaíocht agus maoin a chruthú mar thoradh ar fhorbairt agus margaíocht a dhéanamh ar tháirgí turasóireachta atá fréamhaithe sa Ghaeilge, i gceol, amhránaíocht, rince srl. Tagann daonra aosach na tíre seo i dteannta leis na milliúin duine ar fud an domhain a éilíonn go bhfuil fréamhacha Éireannacha acu chun cuimhne láithreach mar mhargaí a d’fhéadfadh a bheith brabúsach.

Na bealaí is éifeachtaí ár dteanga agus ár n-oidhreacht chultúrtha uathúil a chur chun cinn.

Le blianta beaga anuas, rinneadh iarracht ár dteanga agus cultúr a chuimsiú i bpacáistí tionscnaimh chun ceann scríbe áirithe a chur chun cinn mar tharraingt turasóireachta. Tá an-deis ann ár dteanga agus ár n-oidhreacht chultúrtha uathúil a chur chun cinn níos mó agus bainfidh cuairteoirí agus an réigiún óstála leas as sin. Ba cheart go ndéanadh gach áisíneacht turasóireachta cur chun cinn gníomhach ar ár dteanga agus ár n-oidhreacht agus iad ag cur Iarthar na hÉireann chun cinn. Is gné uathúil í a chabhróidh leis an réigiún agus an tír ar fad a chur chun cinn.

Tugann teicneolaíochtaí nua deiseanna nua do Ghaillimh, don réigiún agus don tír maidir le forbairt na turasóireachta cultúrtha. Tá an Ghaeilge á múineadh ag 43 ollscoil ar fud an domhain anois.² D’fhéadfadh go n-eascródh deiseanna eacnamaíochta don iarthar as ár naisc leis na hOllscoileanna sin.

Bearta a chaomhnódh an Ghaeilge agus a chinnteodh go leanfaí ar aghaidh á húsáid

- 1 Rialtas na hÉireann leanúint ar aghaidh agus cur le hinfheistíocht chuí i gceantair a labhraítear an Ghaeilge.
- 2 Rialtas na hÉireann an maoiniú cuí a chur ar fáil chun na treoirlínte pleanála teanga sonraithe in Acht na Gaeltachta 2012 a chur i bhfeidhm.
- 3 Gach seirbhís Stáit a bheith ar fáil do phobal na Gaeltachta trí Ghaeilge agus na seirbhísí sin a bheith ar chomhchaighdeán leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Bhéarla in áiteanna eile.
- 4 Gach Ranna Stáit tairiscint ghníomhach ar sheirbhís trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil don phobal.
- 5 Go ndéanfaidh na hÚdaráis Áitiúla aghaidheanna/comharthaí siopaí dátheangacha a spreagadh agus cead pleanála á dheonú acu.
- 6 Údaráis Áitiúla a spreagadh chun logainmneacha Gaeilge a úsáid.
- 7 Moladh d’Údaráis Áitiúla deiseanna i leith an dátheangachais agus/nó comharthaí eisiacha i nGaeilge a uasmhéadú mar is cuí, agus iad i mbun a gcuid gníomhaíochtaí go léir.
- 8 Leanúint ar aghaidh ag déanamh infheistíochta i Meáin Chumarsáide agus Teicneolaíocht na Gaeilge agus úsáid na Gaeilge a mholadh mar ghnáthnós ar shuíomhanna gréasáin atá lonnaithe san Iarthar agus i gceantair Ghaeltachta eile ar fud na tíre.

² An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta

- 9 Tionscnaimh indéanta agus phraiticiúla a spreagadh chun úsáid na Gaeilge a mhéadú, a chur chun cinn agus a éascú sa phobal.
- 10 Tacú le tionscnaimh indéanta agus phraiticiúla chun an Ghaeilge agus an Dátheangachas a chur chun cinn in eagraíochtaí Miondíola/Seirbhíse Tráchtála/Eagraíochtaí Seirbhíse Gairmiúla agus Pearsanta/Séipéail/Clubanna Spóirt agus aonáin siamsaíochta.
- 11 An Ghaeilge a ‘normalú’ de réir a chéile.
- 12 Rochtain éasca a chinntiú do chúrsaí Gaeilge thar gach earnáil/agus próifíl aoise sa phobal.



Submission by Gaillimh le Gaeilge, Teach Uí Chiaruáin, Sráid Thobar an Iarla, Gaillimh
Fón: +353 (91) 568876, Facs: +353 (91) 568836, eolas@gleg.ie www.gleg.ie

Gaillimh le Gaeilge welcomes the opportunity to give our views to “**Ireland 2040 Our Plan Draft National Planning Framework**” in relation to the Irish language and the potential of the Irish language and its associated culture to contribute to enhanced economic activity and employment creation.

We suggest that the capacity of the Irish language and its associated culture to contribute to enhanced economic activity and employment creation be specifically recognised under the headings “Enterprise & Employment” and “Recreation, Leisure and Tourism” in particular.

Gaillimh le Gaeilge

It is a source of pride for us in Gaillimh le Gaeilge that Galway City Councillors agreed to a motion in the Autumn of 2015 to bestow Bilingual Status on Galway City. A great day for both the Irish language and for Galway City when Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn, officiated at a ceremony in Galway City Council on Monday, 7th March 2016 to celebrate ‘Cathair na Gaillimhe/The City of Galway’ as a Bilingual City. This status was one of Gaillimh le Gaeilge’s main aims in our work promoting the Irish language in Galway City.

Bilingual status for Galway has been a primary aim of Gaillimh le Gaeilge as we strive to promote the Irish language in the city.

Bilingual status will future proof the Irish language in the City and it validates the economic and cultural impact of the language. For Galway City, the Gaeltacht has had an ongoing effect on its cultural and linguistic identity. It also benefits economically from its location near the largest Gaeltacht in the country.

Worth over €136 million³ annually to Galway City and County, Irish also offers visitors to the Wild Atlantic Way a unique opportunity to hear and engage with the language as used by Galwegians in their daily lives. The Irish language also plays an important role in creating Galway’s vibrant atmosphere and reputation as a city of culture and the widespread use of ‘an Ghaeilge’ has helped to earn her place on the shortlist for the European City of Culture 2020.

Gaillimh le Gaeilge – Background

Gaillimh le Gaeilge was established in 1987 with the aim of promoting the Irish language, particularly as an economic resource, in the Galway area. We work in association with Galway City Council, Galway Chamber of Commerce and other groups to develop Galway’s unique Irish image and promote Galway city as the Bilingual Capital of Ireland.

³ The Irish language is worth in excess of €136 million annually to the economy of Galway City and County; [*Buntáistí geilleagracha na Gaeilge a fheictear i gCathair na Gaillimhe agus i nGaeltacht na Gaillimhe, 2009*](#): Bane Mullarkey Teo., i gcomhpháirtíocht le Jerome Casey & a Chomh. Teo.

We offer consultation, practical advice and a hands-on help to companies wishing to use the Irish language in any aspect of their business, particularly as a tool for innovation and marketing. We run a ‘Cairde’ scheme, an annual business award, and we initiate bilingual projects, which are developed over time in association with other groups in Galway city. Constant contact is maintained with our clients through a varied networking and social programme, which includes a monthly newsletter, business lunches, and social events.

The development of the Gaeltacht as a unique area [Language Planning areas under The Gaeltacht Act 2012]

We believe that the potential of the Irish language and its associated culture to contribute to enhanced economic activity and employment creation has not been fully recognised or exploited in the past because of the practice of dealing with the Irish language and the Gaeltacht under separate headings. We suggest that the capacity of the Irish language and its associated culture to contribute to enhanced economic activity and employment creation be specifically recognised under the headings “Enterprise & Employment” and “Recreation, Leisure and Tourism” in particular.

The Irish language is worth in excess of €136 million annually to the economy of Galway City and County; supports over 5,000 jobs and more than 90% of Galway City businesses believe that it is a unique selling point for Galway’s image and cultural identity. These are the key findings of a study into the economic benefits associated with the Irish language which accrue to Galway City and to the Galway Gaeltacht. The study was published on the 27th November 2009 by Gaillimh le Gaeilge.

Of the total of €136 million, tourism associated with the Irish language in Galway City and County showed an economic impact of €41 million in 2008, with €32 million of this going to Galway City and €9 million to the Galway Gaeltacht. More than 91% of Galway city businesses surveyed as part of this study, felt that the Irish language was ‘important’ or ‘very important’ to Galway City’s cultural identity, that it is a tourism asset and that it is a unique selling point in terms of Galway’s image. Within the tourism sector, the Galway Gaeltacht Coláistí Gaeilge Samhraidh represent an important economic activity and they generated €14 million in revenue for the local area in 2007.

Recent official reports have indicated that the future of this resource is under severe threat. Official support at Government and Local Authority level could greatly improve the chances of retaining and strengthening the aforementioned economic activity.

Project types that are most suitable

The Ireland West Region contains the largest Gaeltacht in the country. These predominantly rural areas offer much potential within the scope of rural tourism, where activity holidays can be combined with language learning and cultural activities⁴

There is an opportunity to exploit our Celtic/Irish Heritage for tourism purposes.

Project Types:

- ◆ Cultural Tourism
- ◆ Research/Interpretation units regarding Celtic/Irish language and Culture
- ◆ Education Training Courses in Language/ selected crafts and music

Many tourists value experiences that are ‘different’ and ‘unique’. The prevalence of the Irish language and its associated culture in the West Region and in the Galway area in particular is something that cannot be replicated anywhere else in the world.

⁴ Gaillimh – Croílár an Chultúir Ghaelaigh Cheiltigh/Galway - The Hub of Irish Celtic Culture

We believe that there is considerable scope for employment and wealth creation in the development and marketing of tourism products rooted in the Irish language, music, song, dance etc. The adult population of this country together with the millions of people worldwide who claim Irish roots immediately come to mind as potentially lucrative markets.

Promoting the unique language and culture in the best way possible

In recent years, some effort has been made to include our language and culture in promotional packages to sell a particular destination as a tourist attraction. There is great opportunity to promote our unique language and cultural heritage more which will be of benefit to the visitor and the host region. Our Irish language and heritage should be actively promoted by all tourism agencies in their promotion of the West. It is a unique selling point.

The new technologies afford Galway, the region and the country new opportunities in the development of cultural tourism. 43 universities worldwide now teach Irish.⁵ Our links with these Universities could yield economic opportunities in the west.

What measures would preserve and ensure the continued use of the Irish Language?

- 1 The Irish Government to continue with and increase their investment in Irish speaking areas.
- 2 The Irish Government to provide the necessary funding to implement the language planning guidelines as outlined in Acht na Gaeltachta 2012.
- 3 Every service provided to the Gaeltacht community should be available in Irish and those services should be of the same standard as the English services provided elsewhere.
- 4 The provision of an active offer of service through the medium of Irish to customers by every Governmental department.
- 5 Have Local Authorities encourage bilingual shop fronts/signage when granting planning.
- 6 Have Local Authorities promote Irish language Placenames.
- 7 Local Authorities to maximize bilingual opportunities and/or exclusive signage in Irish as appropriate, in all their activities.
- 8 The Irish Government to continue to invest and increase their funding in Irish language media and technology.
- 9 Promote achievable and practical initiatives to encourage and facilitate the greater use of Irish in the community in a bilingual context.
- 10 Support achievable and practical initiatives to promote the Irish language and bilingualism in Retail and Commercial service organisations/Professional and Personal Service Organisation/Churches/Sports Clubs and Entertainment entities.
- 11 Promote Gradual Normalisation of the Irish language.
- 12 Ensure easy access to Irish language courses across all sectors/and age profiles in the community.

⁵ An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta

AGUISÍN

Na Coistí agus an Fhoireann

Tá triúr fostaithe go lánaimseartha ag Gaillimh le Gaeilge faoi láthair agus is é an Bord, le deichniúir Stiúrthóirí a leagann amach an polasaí. Tá Gaillimh le Gaeilge á mhaoiniú faoi láthair ag An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus tríd an scéim Cairde i gcomhar le Cumann Tráchtála na Gaillimhe. Tá Gaillimh le Gaeilge cláraithe mar chuideachta theoranta le stádas carthanachta agus dá bhrí sin mar chuideachta nach do bhrabús í.

An Bord Stiúrtha:

Bernadette Mullarkey (Cathaoirleach)
Iognáid Ó Muircheartaigh

Seán Stewart
Aindriú D'Arcy

Máire Mhic Aodha
Pádraic Ó Ráighne
Caitlín Nic an Ultaigh

Barry O'Sullivan
Isbéal Nic Aoidh
Pádraig Ó Beaglaoich

Stiúrthóir, Bane Mullarkey
Uachtarán/President Emeritus,
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
Stiúrthóir, Stewart.
Iar-Cheannasaí Forbartha,
Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo.
Rinn Mhíle Thiar, Órán Mór, Co. na Gaillimhe.
Feidhmeannach Margaíochta, TG4
Ceannasaí Bainistíochta, Acadamh na hOllscolaíochta
Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
Príomhfheidhmeannach Altocloud
Múinteoir Gaeilge, Coláiste Pátríoch Naomh Sheosaimh
Iar-Phríomhoifigeach san Roinn Cultúir, Oidhreacht agus
Gaeltachta

An Coiste Logainmneacha:

Helen Coleman, (Cathaoirleach)
An Comhairleoir Dónal Lyons
Dr Nollaig Ó Muráile
Pat Sweeney
Matt Cunningham
Tom Costello
Mary Flynn
Dr Jim Higgins
Bríd Ní Chonghóile

Pleanálaí Sinsearach, Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Roinn na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
An Post
Bord Soláthair an Leictreachais
Iar-Chomhairleoir, Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Ionadaí don Phobal i gcoitinne
Oifigeach Oidhreacht, Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Gaillimh le Gaeilge

An Fhoireann

Ardfeidhmeannach
Bainisteoir Tograí
Riarthóir Oifige

Bríd Ní Chonghóile
Gearóidín Hynes
Mícheál Ó Ceallaigh

**Tuilleadh eolais: Bríd Ní Chonghóile, Gaillimh le Gaeilge, Teach Uí Chiaruáin, Sráid
Thobar an Iarla, Gaillimh. Fón: +353 (91) 568876, Facs: +353 (91) 568836,
eolas@gleg.ie www.gleg.ie**

